

Do Thagairtí Amháin

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T51
Ainm an Agalláí	Bríd Mc Colgan
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	19/06/2006
Suíomh an Agallaimh	Carrickmaquigley
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

Tús lochtach

`_____`

Focal dothuigthe

`_____+`

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: Tá mé ag gabháil a thógáil traidhfil seanchais inniu ó Bhrídie McColgan. As Inis Bó Finne ó dhúchais do Bhrídie agus tá sí ina cónaí thíos in Carrickmaquigley, thíos chóir Moville. So, *Bridie*, inis domh fá d'óige, ag éirí aníos ar an oileán. Creidim gurbh éigean duit an teach a fhágáil, an baile a fhágáil go hóg agus.

BRÍD: Bhuel, bhí mé, bhí mé, ag obair ag mo mháthair mhór an chéad uair sular fhág mé an t-oileán. Chan ag obair aici ach ag cuidiú leithe. Agus ansin d'fhág mé an t-oileán nuair a bhí mé cúig déag. Agus chuaigh mé le bean eile as an oileán amach go dtí *Newtownstewart*.

DÓNALL: *But,* an deachaigh sibh an Raibeil go Leitir Ceanainn ar dtús?

BRÍD: Chuaigh muid, bhuel cha deachaigh mé an Raibeil ar chéad uair ná bhí, bhí an ghirseach eile ag obair in *Newtownstewart* an chéad uair *so* chuaigh mé leithe-se.

DÓNALL Chuaigh tú leithe-se.

BRÍD: Sea agus chaith mé trí mhí ansin agus leoga cha raibh, cha raibh mórán eolais againne ar an, ar an *North* san am sin agus ansin tháinig mé na bhaile agus bliain ina dhiaidh sin chuaigh mé amach ar ais agus bhí mo mháthair liom. Agus i Leitir Ceanainn a bhí an Raibeal.

DÓNALL: Sea, bhí sin garbh.

BRÍD: *So*, bhí sin garbh agus bhí na máistrí móra seo ag teacht aníos agus síos an tsráid agus déarfadh siad le achan ghirseach "*Are you for hire wee cuttie?*" *So, anyway*, chuaigh mé, chuaigh mé le fear agus suas go *Arcame* in *Newtownstewart* agus bhí mé, chaith mé trí mhí ansin ach bhí siadsan iontach deas.

DÓNALL: Bhí siad go breá.

BRÍD: Bhí siad go breá. Cha raibh ann ach bean agus fear, bhfuil a fhios agat, shíl mise gur fear agus bean, níl mé ag rá, b'fhéidir nás chóir domh seo a rá, go raibh siad pósta cineál sin de dhóigh. Ach san am chéanna bhí siad deas domsa. *Mc Kay* a bhí orthu, *Bob and Lizzie Mc Kay*. Bhfuil mé ag rá sin an dóigh cheart?

DÓNALL: Tá. *But* bhí léir oibre le déanamh agat a *Bhridie?*

BRÍD: Bhuel, cha raibh sé, cha raibh se chomh olc san am sin, *feedáil* cearc agus ag coinneáil an teach glan. Agus ag déanamh rud beag, bhfuil a fhios agat, níochán, agus, agus ag *smootháil*, *so*.

DÓNALL: Achan chineál rud.

BRÍD: Cha raibh sin chomh olc, achan chineál oibre. Ach bhí, bhí cúpla fear as an Chraoslach ag obair ann, bhfuil a fhios agat, ar an fheirm.

DÓNALL: Sea.

BRÍD: Feirm a bhí acu. Agus ansin bhí siadsan *alright*. *But* san am chéanna rachadh muid isteach go *Newtownstewart* agus thiocfadh mé, thiocfadh muid amach, tá sé an fhad sin ó, tá sin caoga, cé mhéid bliain?, seasca bliain ó shin. *So*, níl mé, cha raibh, cha raibh siadsan olc domh. Cha raibh aon duine acu olc domh *really*, cha dtiocfadh liom a rá go raibh siad ach b'éigean duit oibriú ar shon, ar shon do pháighe.

DÓNALL: Agus an bé sé mhí a rinne tú ann?

BRÍD: Sin é. Trí mhí sa teach sin fosta.

DÓNALL: Trí mhí. Agus caidé an cineál conradh a rinne do mháthair leofa *like*, caide cineál?

BRÍD: Bhuel, dúirt sí leofa, an rud a dúirt mo mháthair leofa "anois, caithfidh tú a ghabháil an Aifrinn achan Domhnach agus bheith maith duit agus scríobh achan seachtain na bhaile". Cineál, cha raibh *phones* ná a dhath mar sin ag gabháil san am sin. Scríofa na bhaile agus sa, *right enough*, bhí siad, chuaigh mé an Aifrinn achan, achan Domhnach agus rachadh muid isteach go *Newtownstewart*, b'fhéidir uair amháin achan am. *So*, bhí sé *alright*. Bhí sin *alright*. *So*, ansin an teach deireannach a raibh mé ann, chuaigh mé isteach go Contae Aontroma agus bhí mé ag obair ag, ag *William Henry*, ceithre, bhuel, trí bliana a bhí mé ansin agus b'fhéidir go raibh *luck* orm, an cineál sin de dhóigh ach rachadh muid, mé féin agus girseach eile, Caitlín agus mo dheirfiúr Áine, rachadh muid ag an damhsa síos go Sraith Nócam. (Gáire)

DÓNALL: (Gáire) Bhí dóigh bhreá ort.

BRÍD: Bhí dóigh, bhí dóigh bhreá ach bhí muid ag bligh an eallaigh agus ag líonadh an *boiler*, sé, chéad préataí, an bhfuil a fhios agat, mála céad?

DÓNALL: Sea, sea.

BRÍD: Préataí agus ansin bhfuil a fhios agat ag buaileadh, maistreadh mar a deir muidinne, bhfuil a fhios agat, *churning*.

DÓNALL: Sea, tá a fhios agam.

BRÍD: Agus achan rud mar sin agus trí chéad cearc, chaithfeá iad sin a *feedáil* tráthnóna agus ar maidin. Bligh b'fhéidir naoi mbó ar maidin agus b'fhéidir naoi mbó tráthnóna ach bhí ceathrar againn ag bligh. Cha raibh *machines* ar bith acu.

DÓNALL: *Jesus*, bhí feirm mór aige, nach raibh?

BRÍD: Bhí feirm mór ach bhí siadsan iontach deas agus dúirt mo mháthair leo, leis an fhear sin, *William Henry*, dúirt sí "anois, caithfidh, caithfidh tú a ghabháil an Aifrinn achan, achan Domhnach" *so* sin fear amháin a bhí iontach deas agus ansin nuair a, bhfuil a fhios agat, dá mbeifeá amuigh ag damhsa oíche Shatharn agus theacht na bhaile, bhfuil a fhios agat, bheifeá tuirseach agus is cuma caidé chomh tuirseach agus a bhí mise chuirfeadh an fear sin an Aifrinn mise.

DÓNALL: Rinne sé cinnte go, *yeah*, rud a d'iarr do mháthair air.

BRÍD: Sea, sea. Agus bhí mo dheirfiúr thíos ann in Sraith Nócam, bhí sise ag obair ag, ag an mhinistir, *Mister Leech* agus déarfadh sé i dtólamh léi a ghabháil chuig an Aifrinn, ghabháil ag an, suas ag an *Church s'aigesan*, an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: An ndéarfadh?

BRÍD: Bhfuil a fhios agat, chan, chan ag iarraidh, chan ag [casachtach], *pardon me*, chan ag iarraidh uirthi a ghabháil a bhí sé ach, ach go bhfeicfeadh sí caidé a raibh an *Church* cosúil agus dúirt, dúirt Áine, go ndéanfaidh Dia mhaith uirthi, " A Dhia, dá rachainn-se isteach in do, in do teach-sa, cha, cha, cha bheadh m'athair sásta na dúirt sé go dtitfeadh an teach, go dtitfeadh an *Church* i mo mhullach (gáire).

DÓNALL: (Gáire)